Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH
Eagrán sealadach

P8_TA-PROV(2019)0092

Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair AE-Singeapór ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar cheann an Aontais Eorpaigh (15375/2018 – C8-0026/2019 – 2018/0403(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15375/2018),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile (08224/2014),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 212 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0026/2019),

– ag féachaint dá rún neamhreachtach an 13 Feabhra 2019[1] maidir leis an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 99(1) agus (4) agus do Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A8-0020/2019),

1. ag tabhairt a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Shingeapór.

---

[1] Téacsanna a glacadh, P8_TA-PROV(2019)0093.